# Pobalscoil Chorca Dhuibhne

11 Eanáir 2021

A chairde,

Beatha agus sláinte chugaibh.

Bhuaileamar leis na daltaí ar fad ar Zoom inniu. Tuigeann siad na córais a bheidh i bhfeidhm don tréimhse cianfhoghlama seo. Go bunúsach, beimid ag imeacht leis na rudaí seo a leanas:

- Ag leanúint an gnáthchlár ama beo ar Zoom, le 20 nóiméad múineadh agus 15 nóimeád obair neamhspléach faoi stiúir an mhúinteora.
- Beidh 5 nóiméad sos ag deireadh gach rang agus tabharfaidh sé seans do na daltaí aistriú ó rang amháin go rang eile.

Beidh na daltaí ag teacht ar scoil i rith na seachtaine chun leabhartha leo a bhailiú. Beidh cead isteach ag Bliain 6 agus 3 Dé Máirt, Bliain 5 Dé Céadaoin, Bliain 2 Déardaoin agus Bliain 1 Dé hAoine. Tá nasc chuig Google Doc seolta chucu tríd a ríomhphost scoile chun áit a chur in áirithe. Beidh orthu a bheith ana-chúramach nuair a thagann siad, ag caitheamh masc agus ag fanacht amach ó aon duine eile atá sa bhfoirgneamh ag an am céanna. Grúpa do sheisear a bheidh ann ar a mhéid in aon am.

Beidh eolas ag teacht chugainn ón Roinn maidir le obair tionscnaimh, na béalscrúduithe, MRBanna agus go leor eile. Nuair a thagann sé bead á roinnt libh. Tá sé tábhachtach súil a choimeád ar Aip na scoile chun a bheith suas chun dáta.

Muna bhfuil teacht ag do leanbh ar ghléas gur féidir leo teacht ar Zoom agus Google Classroom nó má tá fadhbanna leathanbanda agat tá sé fíorthábhachtach é sin a chur in iúl dom chomh luath agus is féidir ag em@pcd07.ie

Táimid ag cur siar tús na Réamhscrúduithe do Bhliain 3 agus Bliain 6 go dtí Déardaoin an 11 Feabhra. Beidh siad á gcríochnú againn i ndiaidh an sos méan téarma. Beidh clár ama na scrúduithe ar fáil go luath.

Tuigfimid ar fad go mbeidh go leor obair ríomhaireachta i gceist sna seachtainí amach romhainn ach tá sé tábhachtach do na daltaí sos a thógaint ó na scáileáin nuair is féidir leo agus dul amach faoin aer chomh maith. Beimid ag eagrú cúpla imeacht uile scoile chun tacú leis seo.

Seans go dtógfaidh sé seachtain do rudaí socrú síos agus go mbeidh roinnt fadhbanna tosaigh againn ach tiocfaimid ar réiteach agus éireoidh linn. Beidh cumarsáid dhá shlí tábhachtach agus tá fáilte romhaibh teagmháil a dhéanamh liom ar aon chúis.

Tugaíg aire agus fanaíg slán.

Le buíochas,

Éamonn Mac Muiris
Príomhoide

# Pobalscoil Chorca Dhuibhne

A chairde,

We met with all of the students on Zoom today. They understand the systems that will be in place for this period of remote learning. We will be implementing the following system:

- Classes will be live on Zoom and will follow the normal timetable, with 20 minutes of teaching and 15 minutes of independent work under the guidance of the teacher.
- There will be a 5 minute break at the end of class to afford the students the opportunity to change from one class to another.

The students will have an opportunity to come into school during the week. Sixth and Third years can come on Tuesday, 5th Years on Wednesday, 2nd Years on Thursday and 1st Years on Friday. A link to a Google Doc has been sent to the students through their school email to allow them to book a slot. They will need to be extremely careful while in the building, wearing their masks and remaining socially distant. A maximum of six students will be here at one time.

Information from the Department will be sent to us with regard to project work, oral exams, CBAs and more. When this information arrives it will be shared with you. It is important to keep an eye on the school App to keep up to date.

If your child does not have access to a device that will allow them to engage with Zoom calls and Google Classroom or if you have broadband issues it is vitally important to let me know immediately at em@pcd07.ie.

We are postponing the commencement of the Mock Exams until Thursday February 11th. We will be completing them after the mid term break. A revised timetable will be issued as soon as possible.

We all understand that there will be plenty of computer based work for the next few weeks but it is also important for the students to take a break from the screens and spend some time outdoors. We plan to organise a couple of whole school events around this.

It may well take the first week for everything to settle down and there is a good chance that we will encounter some teething problems. Even so, we will solve these issues and we will succeed. Two way communication is hugely important and you are more than welcome to contact me on any matter.

Take care and stay safe.

Le buíochas,

Éamonn Mac Muiris
Príomhoide